

AN CHORR ÉISG. 26-28

A' spaisteoireacht chois mhall-abhainn duit nó ar bhrúach locha uaignigh is annamh nach mbíonn an chorr éisg le feiceál agat, cruit uirthé agus í ina staic sa tanaidhe. Tá an chorr-éisg ar cheann de na héanacha is mó dá bhfuil againn in Éirinn. Is aduain deas-déanta an dealbh atá uirthé agus tugann sé aoibhneas don tsúil thar mórán dá bhfuil le feiceál ar éadan na talmhan. De liath franncach éadrom a druim, slinn-ghorm a sgiatháin, agus cloigeann bán. Sé an t-iongnadh nach ró-fheicéalach í ar uachtar abhainn. Is mar gheall ar an glaise is tá sí agus nach adh is ionann le seanmhaide caithte é an t-am a mbíonn sí crochta ceart ar a gní iasgaigh.

Siúlann sí go mín réidh de chéimeanna fada lán-toileamhla airightheach an uair is mian léithe ball iasgaigh feileamhnach a bhaint amach agus coinnigheann sí na súile sáithte sa tanaidhe, an uair a bhíos sin dá dhéanamh aige ní rud ar abhainn is feiceálaighe ná í. Ach an dá luath is a bhíos a rogha ball iasgaigh toghtha aice éirigheann sí chó neamh fheicéalach sin nach dtugfá faoi deara í ach ar éigin. An breac seachránach a shnámhann go tapaigh le na eiteadhaibh meara isteach sa linn giolcaighe na corra éisg is dóigh leis gur giolcaigh an dá spreangaidí caola. Druideann sé níos goire dóibh agus é a cuartú ar lorg crumh uisge. Sul má fhághann sé breith ar a aithmhéal tá sé caithte in airde as uisge agus dhá leath-ghob dá fháisgeadh go marbhtach mar dhéanfadh siosúr. Is maith an t-iasgaire an chorr éisg ach má seadh féin is mian léithe malairt beatha go minic agus sluigeann sí go fonnmhar preabairí lathaigh agus priompalláin, luchóga féir agus feithidí mar iad. An t-am a mbíonn na héanacha lachan ar fágáil ar an sgeach giolcaighe bíonn sí ag aireachas ar an seanlachain go dtigfidh sí aniar uirthé agus is iomdha lacha óg a mharbhuigheann sí dá mhéid faire a gníos an mháthair.

Tá an chor éisg ar cheann de na héanacha Éireann is túisge a mbuaileann fonn breith is guir iad. Filleann cuid de na corra éisg ar na sean-neadracha chó luath le mí Eanáir. Bíonn uibheacha dá mbreith i mí Feabhra, is cuma cén síon nó sneachta séidhte a bhíos ann. Ní bhíonn Bealtaine caithte nó go dtugann na corra óga aghaidh ar an domhan ag imtheacht de mhuing a mainge féin, agus eirigheann sé uaireanna go dtógann an sean phéire ál eile, tar éis sin. Bhí cáil ar Éirinn tráth le raibh de neadracha corra éisg sa tír. Bhíodh suas le cead néad le chéile i gcuid de na chóilíní guir. Is mór le rádh fiche nead nó tríochad nead a fhághail le chéile ins am atá anois ann, ach níl condáe i nÉirinn gan a dhíol neadracha corra ann agus tá ráidthe gur ag condáe Chorcaigh is mó atá cóilíní guir. Is ins an gcrannlach a thógas na corra éisg a gcuid nead. Tógann siad foirgneacha móra de bhrosna agus de mhaidí beaga agus ghníd logán tanaidhe cupánach ina lár le haghaidh na n-ubh. Tá loch nó dhó in Éirinn a bhfuil oileán ionnta a shanntuigh na corra agus thógadar a neadracha i gcrainnte beaga cuilinn ar na hoileanaibh locha seo i bfoisgeacht cupla troigh den talamh. Ní bhachtair mórán, d'aon turas leis an gcorr éisg san aimsir atá anois ann ach ba mhinic sa tsean-tsaoghal an chor éisg ina spórt ríogha ag an tigherna mor talmhan – gan neart aice air agus san aois a raibh na seabhaic seilge dá úsáid is indiaidh na gcorra is minice a sgaoiltí iad. An t-Ochtmhadh Hannraoi d'fhógair sé ar chách gan corra éisg a marbhadh ach le seabhac seilge nó leis an mbogha fada agus bhí cáin trom le gearradh ar an té a d'fhuadochadh corra óg ar an nead. Is mall í agus roinnt trom eilteog na coirre éisg, i n-aindeoin gur éan mór í. Sin é is ciontsiocair le go n-ionnsuigheann éanacha is lugha ná í féin í ach go bfuilid níos mire san eilteog. Ionnsuigheann an preachán dubh agus an seabhac beag

buidhe í agus cuireann siad ruaig uirthé. Sé is dóigh gur dual don choirr ar bhealach eicínt aniar ó laethaibh na bhfabhcon tuairim a bheith aice go bhfuil an seabhac beag indon go maith aice agus ina chruthúnas sin leigfidh an chorr a grág garbh sgannruithe an dá luath is a fheiceas sí an toirtín bradach ar friota san aer as a cionn. Chonnaic mé níos mó ná uair amháin corr éisg ag eirighe ag bun an tsrutháin a shileas isteach i gceann an locha i nGleann dá Loch. Éirigheann an t-éan go righin réidh san aer agus a dhá sgiathán dá leathnú aice. Síneann sí siar tar a hearball a dhá chois fhada agus seolann léithe go héasgadh tar an loch síos agus gach sgréach uaigneach aiste a mhúscluigeann an mac alla is na coillte péine ar leirg na gcnoc magcuairt agus a sgáil dá leanach san uisge dorchá ciúin fúithe. Níor tais go dtí é dar le duine, san ngleann fhiadáin uaigneach nó nar thóg na naoimh a dteampaill agus a gcealla na céadta céadta bliain ó shoin. Is ar a mharanna, go deimhin a caitheas an corr a saoghal agus is deacair a rádh cé na smaointe a ritheann ina cheann an t-am a mbíonn sí seasta ins na giolcaighaibh uair indiaidh uaire agus na súile saithte aice sa tanaidhe, an tanaidhe a ndéanann an ghrian na heangacha órdha de. Caitheann an corr uair indiaidh uaire ar an tanaidhe, an tanaidhe ar a sgarann an ghuan na heangacha ordha is ar a maranna go deimhin a chuireann sí an saoghal thoirste agus is deacair a rádh cé na smaointe a ritheann ina ceann agus í de shíor ina seasamh is na giolcacha agus a súile ar eangacha ordha na gréine. Tugann gaolta leis an gcorr ó tíortha cuairt orainn corr uair agus cuireann ann corr squacco tá fiochmhar le breathnú air. Cuireann sé é féin i mbealach an ghunnéire agus tháinig aon chorr corcra amháin ar chuairt cugann ach an duthaigh doicheallach níor fhág sé. Bhí an chorr oidhche go minic ar cuairt againn. Ach mhaidir le áille sé mo thuairim nach sáruigheann mórán aca ar gCorr Gaedhealach féin an t-am a bhíos sí ar eilteog ó loch go loch, mar bhíos go minic agus grian sholus an tráthnóna ar a clumhach loinnreach agus ar chiumhasabh na mórsgíathánaibh éasgaidh.